Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Iúil 2022
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0118(COD)**

**11012/22**
**ADD 1**

**CODEC 1091**
**PECHE 254**
**CADREFIN 121**
**RELEX 943**
**COEST 526**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun iarmhairtí chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a laghdú agus chun éifeachtaí na míshocrachta sa mhargadh ar an slabhra soláthair táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe mar thoradh ar an gcogadh foghach sin a mhaolú **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**<u>Ráiteas ón gCoimisiún</u>**

Is díol sásaimh don Choimisiún gur ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle go pras an leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh, agus leis sin go gcuirtear na bearta tacaíochta sonracha ar fáil d'oibreoirí chun maolú a dhéanamh ar iarmhairtí fhogha na Rúise faoin Úcráin do ghníomhaíochtaí iascaireachta agus ar na tionchair a d'imir an fogha sin ar mhargadh na dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, lena n-áirítear na costais bhreise ar amhábhar, ar ionchur agus ar fhuinneamh. Mar sin féin, molann an Coimisiún gur gá a bheith faichilleach maidir le húsáid na mbeart lena dtugtar cúiteamh i leith scor sealadach gníomhaíochtaí iascaireachta i gcásanna ina gcuireann fogha na Rúise 'bac ar inmharthanacht eacnamaíoch na n-oibríochtaí iascaireachta'.

Go deimhin, rud is ea an scor sealadach atá faoi réir an choinníll go ndéantar gach gníomhaíocht iascaireachta de chuid an tsoithigh iascaireachta a thairbhíonn de a chur ‘ar fionraí go hiarbhír’, agus ciallaíonn sin go mbíonn ar an soitheach iascaireachta lena mbaineann deireadh a chur le haon ghníomhaíocht iascaireachta le linn na tréimhse lena mbaineann an scor sealadach. Molann an Coimisiún do na Ballstáit tosaíocht a thabhairt do na bearta a bhfuil sé d’aidhm acu cúiteamh a thabhairt i leith na gcostas breise arna dtabhú, agus i leith an ioncaim arna chailleadh, mar gheall ar an míshocracht sa mhargadh de dheasca fhogha na Rúise faoin Úcráin agus de dheasca a thionchair sin ar shlabhra soláthair na dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, óir tá na bearta sin níos oiriúnaí maidir le slabhra soláthair na dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a choinneáil ag feidhmiú. Dá mbainfí úsáid fhorleathan as an scor sealadach, d’fhéadfadh sé go mbeadh d’iarmhairt neamhbheartaithe aige sin go meádófaí an mhíshocracht i slabhra soláthair an iascaigh de bharr laghdú an tsoláthair ar an margadh.